Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Teo. (CFID). Is iad CFID i gcomhar le Gaeilge Iorrais atá freagrach as an bplean teanga do LPT Mhaigh Eo Thuaidh a chur i bhfeidhm. S'í aidhm an phlean ná cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Cuireadh tús le feidhmiú an phlean teanga sa limistéar sa bhliain 2018.

Is post ar chonradh bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfaí cur leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar ag obair i gcomhar lenár oifigeach pleanála teanga chun cinntiú go bhfuil bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Teo. agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach.
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus taithí ar na meáin shóisialta
- Tuiscint ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta.

Beidh 39 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Íocfar tuarastal ag tosú ag €36,450 agus tá rogha ann freisin dul isteach i scéim phinsin.

Tá an plean teanga do LPT Mhaigh Eo Thuaidh le fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.gaeilgeiorrais.ie agus tá na sonraí poist le fáil ach teagmháil a dhéanamh le bainisteoir an chomharchumainn ar 097-85727.

Seol iarratas mar aon le Curriculum Vitae, **roimh 19 Eanáir 2024** chuig**:** Bainisteoir chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile ag eolas@ionaddeirbhile.ie